# Teanga a Fheabhsú

## Naisc le *hAistear* agus le *Síolta*

***Aistear***

*Téamaí*: Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, *Cumarsáid a Dhéanamh*, *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*

Treoirlínte don Dea-Chleachtas: Foghlaim agus forbairt trí idirghníomhaíochtaí (lgh. 27-51)

***Caighdeáin* Síolta**

1: Cearta an Linbh, C1.1, 1.2, 1.3

5: *Idirghníomhaíochtaí*, C5.1, 5.2, 5.3, 5.4, 5.5

Achoimrí Taighde nasctha leis na *Caighdeáin thuas*

**An chumarsáid neamhbhriathartha**
Is ionann é sin agus comharthaíocht choirp, gotha gnúise, agus/nó comharthaí a úsáid le teachtaireacht a chur in iúl. Tá baint ag 'rialacha na cumarsáide' leis sin, amhail breathnú sa tsúil agus sealaíocht le linn comhrá.

**An chumarsáid bhriathartha**
Ciallaíonn sé sin fuaimeanna agus focail a úsáid le teachtaireacht a chur in iúl.

Bíonn tábhacht ag baint le cáilíocht na n-idirghníomhaíochtaí idir cleachtóirí agus naíonáin agus lapadáin le scileanna teanga neamhbhriathartha agus briathartha a fhorbairt agus féadann an caidreamh sin tionchar a imirt ar an rath a bhíonn ar dhuine níos faide anonn sa saol. Bíonn ról tábhachtach ag cleachtóirí i bhforbairt na teanga agus na cumarsáide.

Tagann **naíonáin** ar an saol agus iad réidh le caidreamh a dhéanamh le daoine. Is breá leo daoine a bheith ag labhairt leo agus ag súgradh leo, rud a chabhraíonn lena n-inchinn forbairt go gasta sa chéad dá bhliain dá saol. Cabhraíonn an caidreamh seo le naíonáin foghlaim faoi theanga, sealaíocht, agus éisteacht. Foghlaimíonn **lapadáin** an chaoi chun idirghníomhú le leanaí eile agus le daoine fásta, mothúcháin agus smaointe a chur in iúl, samhlú, agus fadhbanna a réiteach. Tar éis cúpla bliain, is féidir le leanaí iad féin a chur in iúl agus teanga a úsáid i dtaca le smaointeoireacht, fadhbréiteach, samhlú, agus taiscéaladh, agus is féidir leo idirghníomhú go hinniúil i lúb chuideachta a bpiaraí.

Seo a leanas roinnt moltaí praiticiúla maidir leis an gcaoi ar féidir le cleachtóirí cabhrú le naíonáin agus lapadáin scileanna neamhbhriathartha agus briathartha a fhorbairt.

- **Breathnú sa tsúil agus comhaird:** Is féidir leat cabhrú leis an leanbh an breathnú sa tsúil agus an chomhaird a fhorbairt le linn eispéiris spraíúla, mar shampla, coinnigh páipéar craptha, rud lonrach, nó eochracha gar do d'aghaidh leis an naíonán a spreagadh chun breathnú sa tsúil ort. Feicfidh tú go mbreathnóidh an leanbh ar an rud agus ansin ortsa, agus ansin ar ais ar an rud arís. Tugtar an chomhaird air seo.
- **Déan aithris:** Déan aithris ar an méid a dhéanann an naíonán, mar shampla, má bhuaileann sé an bord, déan aithris air sin agus ansin fan leis an naíonán é a dhéanamh arís.
- **Úsáid comharthaí:** Is rud tábhachtach í an chumarsáid neamhbhriathartha le cabhrú le leanaí tuiscint a fháil ar theanga agus í a úsáid. Cabhraigh le naíonáin a ndeir tú a thuiscint le comharthaí chomh maith le focail labhartha, mar shampla, croith do ghuaillí agus taispeáin bos do lámh i gcomhair *Gach rud imithe* nó *Cá bhfuil an liathróid?*


NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

- **Bí bríomhar:** Úsáid teanga eisprisեach, bhríomhar le naíonáin. Is breá leo fuaimeanna agus focail bhríomhara a chloisteáil, amhail *wow*, *órú*, *búrrrr*, *weeeee* (ag dul síos sleamhnán). Úsáid tuin bhríomhar chainte (an chaoi a n-ardaíonn agus a n-íslíonn do ghuth) de réir mar a labhraíonn tú, mar shampla, i gcás na bhfocal *suas* agus *síos* agus tú ag ardú nó ag ísliú an naíonáin.
- **Bí aghaidh le haghaidh:** Agus tú ar leibhéal an naíonáin nó an lapadáin, feicfidh sé d'aghaidh agus feicfidh tusa a aghaidhse freisin, rud a ligeann duit sealaíocht a dhéanamh i gcomhráite agus a fháil amach cé  na rudaí a bhfuil suim ag an leanbh iontu.  Tá seans ann go mbeidh ort luí ar an urlár gar don naíonán, nó suí ag bord le go mbeidh tú in ann féachaint ar lapadán.
- **Múnlaigh:** Tabhair tacaíocht don naíonán nó don lapadán trí rudaí atá os a c(h)omhair a ainmniú agus na focail sin a úsáid in abairtí. Mar shampla, má dhíríonn an leanbh a mhéar agus má deir sé*Dú*, déarfaidh tusa *Sú? Ar mhaith leat braon sú?*
- **Leathnaigh abairtí:** Cuir focal nó dhó le habairt de réir na céime forbartha teanga atá bainte amach ag an leanbh. Mar shampla, má deir an leanbh *Imithe*, tabhair freagra air á rá *Tá do liathróid imithe*. D'fhéadfadh sé go ndéarfadh an leanbh atá in ann 2 fhocal a rá as a chéile *Daidí imithe*, agus d'fhéadfá a fhreagairt le *Sea, tá Daidí imithe ag obair*.
- **Ceartaigh teanga:** Nuair a dhíríonn naíonán nó lapadán a mhéar ar an doras agus nuair a dhéanann sé fuaim, cuir an bhrí i bhfriotal dó, mar shampla, d'fhéadfá a rá *Amach, an ag iarraidh dul amach atá tú?*. Nuair a dhéanann naíonán nó lapadán botún le fuaimniú nó le focail, ceartaigh a ndeir sé. Mar shampla, má deir leanbh *Da Deán* agus carr ina lámh aige, abair *Sea, carr Sheáin*.
- **Déan tráchtanna:** Labhair faoina bhfuil á dhéanamh agat le habairtí simplí, cearta. Mar shampla, nuair atá naíonán á ghléasadh agat, inis dó céard atá ag tarlú. *Anois cuirfimid do gheansaí ort, thar do chloigeann ar dtús, ansin lámh amháin agus anois an lámh eile*. Labhair faoin rud a bhfuil an naíonán nó an lapadán ag breathnú air, *Ó, feiceann tú an cat sa ghairdín*, agus ansin fan leis an leanbh freagra a thabhairt.

## Tacú leis an bhforbairt teanga i rith an lae

Tarlaíonn deiseanna forbartha teanga i rith an lae. Labhair le naíonáin agus le lapadáin gach aon uair is féidir leat.  Tá gnáthaimh, amhail gléasadh, athrú clúidín, agus am sneaice, ina ndeiseanna iontacha do naíonáin agus do lapadáin na focail chéanna a chloisteáil arís is arís eile ar bhealach atá sothuartha.

Seo a leanas roinnt gníomhaíochtaí agus eispéiris shamplacha:

- **Amhránaíocht:** Can amhráin amhail *An Mhuicín Seo* le linn gnáthaimh chúraim.  Cuir dinglis i mbarraicíní an linbh, cum d'amhrán féin a bhaineann lena bhfuil ar siúl agat ag an am *Seo an chaoi le do bhróg ort a chur ort, do bhróg 'chur ort, do bhróg 'chur ort...*
- **Éisteacht le chéile:** Coinnigh nó suigh an leanbh in áit ar féidir libh aghaidh a chéile a fheiceáil. Seinn uirlis cheoil nó croith gligín agus ansin stop. Fiafraigh den leanbh *Céard í an fhuaim sin?* agus bog do lámh chuig do chluas mar chomhartha. Fan le comhartha éigin a chuirfidh in iúl go bhfuil an naíonán nó an lapadán ag éisteacht, amhail méar a dhíriú, a bheith socair, nó breathnú timpeall le foinse na fuaime a fháil. Déan an ghníomhaíocht in athuair. Tarraing aird an linbh ar ghnáthfhuaimeanna sa timpeallacht, amhail eitleán lastuas nó leanaí eile sa phasáiste.
- **Cluichí duine a imirt:** Is aoibhinn le naíonáin sealaíocht a dhéanamh i gcluichí, amhail cnag ar an doras, dinglis a chur ann, capaillín a dhéanamh leis ar do ghlúin. Fan cúpla soicind go n-iarrfaidh sé ort é a dhéanamh arís trí fhuaim a dhéanamh, breathnú sa tsúil ort, nó focail a rá.

- **Cluichí teanga a imirt:** Imir cluichí teanga tuairisciúla leis an leanbh, amhail *Feicim le mo shúilín beag cinn rud éigin atá glas agus a bhfuil craobhacha aige*
- **Leabhair a chomhroinnt:** Athraigh an t-am scéalaíochta ina am comhrá. Is féidir é sin a dhéanamh tríd an leanbh a spreagadh le bheith i gceannas chun a fháil amach cé na rudaí a bhfuil suim acu iontu. Déan trácht ar na rudaí a bhfuil siad ag breathnú orthu nó ag díriú a méar orthu agus labhair faoi na pictiúir. Ní gá duit breathnú ar gach uile leathanach ná scéal a 'insint' fiú amháin, díreach lig don chomhrá leanúint ar aghaidh. Le haghaidh tuilleadh smaointe maidir le leabhair a léamh agus liosta leabhar molta, breathnaigh ar an leidbhileog *Taitneamh a bhaint as leabhair in éineacht le do naíonán eolas do thuismitheoirí* nó *Taitneamh a bhaint as leabhair in éineacht le do lapadán, Leabhair le léamh le lapadáin*

## Eispéiris imeartha a úsáid le cur leis an stór focal

Ná déan dearmad, foghlaimeoidh leanaí conas focail a thuiscint sula mbeidh siad in ann iad a rá, mar sin, tabhair neart deiseanna dóibh focail nua, shuimiúla, éagsúla a chloisteáil. D'fhéadfá é seo a dhéanamh ar roinnt bealaí.

- **Múnlaigh focail nua, shuimiúla** do lapadáin le linn súgartha, mar shampla, nuair a bheidh sibh ag úsáid foireann 'dochtúirí agus altraí', úsáid focail amhail *bindealán*, *cógas leighis*, *teirmiméadar*, *agus steiteascóp*. Dá mhéad a chloisfidh siad na focail agus iad ag imirt is ea is fearr a thuigfidh siad iad agus, tar éis tamaill, foghlaimeoidh siad conas na focail a rá agus a úsáid as a stuaim féin.
- Agus sibh ag úsáid taos súgartha nó ag déanamh gníomhaíochtaí céadfacha eile, úsáid **focail le cur síos a dhéanamh** ar an gcaoi a mothaíonn rudaí, amhail *fliuch*, *tirim*, *greamaitheach*, *tiubh*, *sínteach*.
- Agus sibh ag glanadh suas, **úsáid focail le rudaí a chatagóiriú**, mar shampla, bloic, carranna, agus gléasadh suas. Nuair a fhoghlaimíonn leanaí focail i gcatagóirí, nascann siad iad agus stórálann siad iad le chéile agus is fusa dóibh teacht orthu.
- Úsáid **suimeanna leanaí** le **focail nua a thabhairt isteach**. Mar shampla, má bhíonn suim ag leanbh i bhfeirmeacha agus in innealra feirme, faigh amach faoi tharracóirí, lódairí, leantóirí, agus faoi innealra sainfheidhmeacha.
- **Abair focail arís agus ceangail** le rudaí iad a bhfuil eolas ag an leanbh orthu cheana féin. Abair focail nua arís is arís eile agus ceangail le comhthéacsanna difriúla iad. Mar shampla, le cabhrú le leanbh an focal *fliuch* a thuiscint, labhair faoi na lámha a bheith fliuch nuair a nitear iad, aimsir fhliuch, agus tuáille páipéir fliuch ag am glanadh suas.
- **Bíodh tuismitheoirí páirteach**, mar shampla, inis dóibh faoi na hábhair agus na focail ábhartha a bheidh á n-úsáid agat ionas go n-úsáidfidh siadsan iad sa bhaile chomh maith.

Déan machnamh ar do chuid scileanna agus ar an stíl phearsanta chaidrimh atá agat, agus bí feasach ar an leibhéal teanga atá bainte amach ag na naíonáin agus na lapadáin. Sa tslí sin, beidh tú in ann a chinntiú go bhfuil tú ag cur do chuid caidrimh in oiriúint dá leibhéal agus ag tacú leo a gcuid scileanna teanga a fhorbairt tuilleadh. Seans go mbeadh suim agat in *Uirlisí Féinmheastóireachta, Idirghníomhaíochtaí a Chothú agus a Leathnú – Leanaí Óga (Breith-3 bliana d'aois)*.